

Treoirlínte Agallaimh i Seomra Ranga atá Saibhir ó thaobh Taighde – Próiseas 8 gCéim

Céim 1: Taighde



- Smaoinigh cén fáth ar mhaith leat agallamh a chur ar dhuine mar chuid de do thaighde, cad é a ba mhaith leat a fháil amach, cén dóigh a roinnfidh tú an fhaisnéis a gheobhaidh tú.
- Is é an t-aon bhealach chun ceisteanna éifeachtacha a cheapadh agus chun an cúlra a thuiscint agus ceisteanna maithe a phleanáil, taighde a dhéanamh ar an ábhar a mbeidh tú ag cur agallaimh ar an duine faoi.

Céim 2: Déan teagmháil leis an duine ar mian leat agallamh a dhéanamh leis



- Aimsigh an duine ar mian leat agallamh a chur air agus déan teagmháil leis.
- Fiafraigh den duine an mbeadh sé toilteanach agallamh a dhéanamh leat agus mínigh cad é faoi a mbeidh an t-agallamh agus cé chomh fada a cheapann tú a ghlacfaidh sé.
- Smaoinigh ar an mbealach is fearr chun an t-agallamh a dhéanamh - duine le duine, fón, idirlíon (Skype).
- Má tá súil agat an t-agallamh a thaifeadadh. Iarr cead a leithéid a dhéanamh.
- Bí múinte béasach. Abair "le do thoil" agus "go raibh maith agat."

Céim 3: Liosta ceisteanna a ullmhú



- Smaoinigh ar an méid is mian leat a fháil amach.
- Smaoinigh ar na ceisteanna is mian leat a chur chun an fhaisnéis seo a fháil.
- Is iad na ceisteanna sainiúla is fearr.
- Seachain ceisteanna is féidir a fhreagairt le "sea" nó "ní hea", go díreach. Spreag an té a bhfuil tú ag cur agallaimh air chun labhairt trí cheisteanna oscailte a chur agus na focail, cé, cad é, cá háit, cén uair, cén chaoi agus cén fath in úsáid agat?
- Bí cinnte go scríobhfaidh tú do chuid ceisteanna go léir síos i leabhar nótaí nó ar ghléas ansin cleacht iad le comhpháirtí. Bí an-eolach ar do cheisteanna sula rachaidh tú i mbun agallaimh.

Céim 4: Bí ullamh



- Deimhnigh cén áit agus cén uair a bheidh an t-agallamh ar siúl.
- Ullmhaigh gach rud a bheidh de dhíth ort m.sh: peann / páipéar / gléas soghluaiste.
- Má úsáideann tú teicneolaíocht don agallamh, déan cinnte go mbíonn do ghléas luchtaithe.
- Bí cinnte go mbeidh tú in áit éigin ciúin.

Céim 5: Bí in am



- Bí réidh le tosú ag an am reamhshocraithe.
- Déan iarracht cloí leis an am a shocraigh tú

Céim 6: Agus cead faighte uaidh, déan taifead ar an agallamh agus / nó glac nótaí



- Smaoinigh faoin dóigh a ndéanfaidh tú an t-agallamh a chlárú: scríofa, taifeadta, le pictiúir.
- Ná déan iarracht gach focal a dúradh a scríobh. Cuirfidh sé moill ar an agallamh. Is leor na pointí is tábhachtaí a bhreacadh.
- B'fhéidir gur mhaith leat tic a chur le do cheisteanna de réir mar a chuireann tú iad.
- Bí cinnte go bhfuil cead agat an t-agallamh a thaifeadadh má dhéanann tú amhlaidh.
- I ndiaidh an agallaimh, agus na sonraí fós úr i d'intinn, scríobh tuilleadh nótaí.

Céim 7: Bain úsáid as scileanna éisteachta gníomhacha



- Sainaithin na scileanna gníomhacha éisteachta agus cleacht iad.
- Bí cúirtéiseach múinte leis an té atá faoi agallamh.
- Tóg do chuid ama agus iarr míniúchán ar rudaí nach dtuigeann tú.
- Ná cuireadh tréimhsí ciúnais agus sosanna míchompordacha imní ort, is gnáthchuid den phróiseas iad sin.
- Lig don agallamh a chúrsa nádúrtha a ghlacadh.
- Breathnaigh sa tsúil ar an duine nuair a bhíonn ceisteanna á gcur agat.
- Éist go cúramach i gcónaí leis na freagraí. D'fhéadfadh níos mó ceisteanna a bheith mar thoradh ar gach freagra nó freagra a bheith agat cheana ar cheist nár chuir tú go fóill.
- Ná cuir ceist a freagraíodh cheana féin. Má bhíonn tú ag éisteacht go gníomhach, aithneoidh tú má d'fhreagair an duine ceist cheana féin a bhí beartaithe agat a chur. Má tá an freagra agat cheana, is féidir an cheist sin a chur i leataobh.
- Ná léigh trí do cheisteanna ceann i ndiaidh a chéile amhail is go bhfuil tú ag súil le bheith críochnaithe. Déan d'agallamh mar a bheadh comhrá ann. Ba chóir go dtiocfadh na ceisteanna go nádúrtha ceann i ndiaidh a chéile. Má bhíonn tú AG ÉISTEACHT LEIS na freagraí, tiocfaidh sé seo go nádúrtha.

Céim 8: Déan athbhreithniú ar do chuid taighde agus ar do nótaí agallaimh



- Sa bhaile, forbair do chuid nótaí trí níos mó taighde a dhéanamh ar rudaí a d'fhoghlaim tú i d'agallamh.
- Léigh siar trí do nótaí agallaimh. Cén dóigh a dtacaíonn sé leis an réimse taighde atá idir lámha agat?
- Sainaithin fíricí agus conclúidí a tharraingítear.
- Smaoinigh an gá duit aon cheisteanna eile a chur.
- Cuir ciorcal nó aibhsigh deismireachtaí a cheapann tú a bheith go maith do do chuid taighde.
- Anois tá tú réidh le tosú ag scríobh!
- Ullmhaigh agus roinn do chuid taighde.
- Déan tagairt do d'fhoinsé mar is cuí.